Guth Ghoill

# Foireann Peile na nDúnaibh

## Comórtas Peile na Gaeltachta 2015
## Ard an Rátha



*Sa phictiúr thuas ó chlé chun tosaigh tá: Gearóid Mac Giolla Chomhaill, Séamas Ó Gallchóir, Ailín Pasoma, Maitiú Mac Giolla Chomhaill, Conchúr Ó Siail, Ben Mac Nuadhat, Ben Mac Giolla Bhríde, Gary Mac Laifeartaigh, Coilín Ó Gallchóir, Oisín Ó Buaidh, Oisín Mac Laifeartaigh agus Fiachra Mac Laifeartaigh. Ar chúl, ó chlé tá: Seán Mac Fhionnghaile, Lorcan Ó Conchúir, Caoimhín Ó Dochartaigh, Brendan Mac Aoidh, Conchúr Mac Giolla Bhríde, Aaron Mac Laifeartaigh, Shea Mac Giolla Chomhaill, Seán Ó Buaidh, Daithí Ó hAodha, James Lee Mac Giolla Bhríde, Pádraig Mac Rodaigh, Brian Mac Fhionnghaile, Seaghan Mac Laifeartaigh agus Finghin Mac Laifeartaigh*

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**
**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

©
Céim Aniar,
Áras Ros Goill,
Na Dúnaibh,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.
074 9154830
ceimaniar@eircom.net

## An Clár

Foireann Peile na nDúnaibh
Pictiúr ón ghrianghrafadóir JMAC 1

CLG Na nDúnaibh 2

Cluain tSaileach (ar leanstan)
(Muintir John Pheigí) 3

Bocsa na Smaointe 6

Siopa Mhící Mhaire,
nó Chití Ruairí 7

Emmett Goulding 10

Imeachtaí na bPáistí 12

“Cuairt an Uachtaráin” in
Amharclann an Ghrianáin 15

# CLG Na nDúnaibh

*Comhghairdeachas mór le foireann peile na nDúnaibh agus a mbainisteoir Andy agus a fhoireann bainistíochta, ar éirigh go h-iontach leo ag Comórtas Peile na Gaeltachta áit ar éirigh leo a dhul go dtí an cluiche ceannais sa chomórtas Sóisir. Ar an drochuair, de thairbhe na drochaimsire, char imríodh cluichí ceannais an chomórtais Dé Luain. Bhí Na Dúnaibh le Oileán Árainn a imirt ina gcluiche ceannais.*

*Ar a mbealach go dtí an cluiche ceannais fuair na Dúnaibh an bhuaidh ar an fhoireann baile, Ard a'Rátha, ina gcéad chluiche – 4-6 le 0-4 (Colin, Gary Bán agus Lorcan 1-1 an duine; Shane, Aaron agus Kevin 0-1 an duine). Ansin sa chluiche ceathrú ceannais, ar an Sathairn, d'éirigh leo an bhuaidh a fháil ar Laochra Loch Laoigh as Béal Feirste—2-13 le 1-8. (Lorcan 2-5, Gary Bán 0-5, James L. 0-1 agus Colin 0-2) Ansin ar an Domhnach, ina gcluiche leathcheannais, fuair siad an bhuaidh ar Chlanna Gael as Co. Na Midhe—1-12 le 0-5. (Lorcan 1-5, Colin 0-3, Gary Bán, Aaron, Finghin agus Shaun 0-1 an duine). Bhí siad anois sa chluiche ceannais don chéad uair ón bhliain 2004. Ach mar a dúirt mé ag tús chinntigh an drochaimsir nach mbeadh cluiche ar bith ann. Ach is cinnte go n-imreofar an cluiche seo roimh dheireadh an tSamhraidh.*

*Ba seo na taispeántaisí is fearr a thug na Dúnaibh le tamall fada, d'imir siad peil d'ard-chaighdeán, chuir said an pheil ó cheann ceann na páirce le luas agus fuair a gcuid tosaithe scóranna iontacha.*

*Thógfadh sé do chroí an tréan chosaint a rinne cuid cosantóirí na nDúnaibh agus iad chomh hóg sin, gasúraí óga macasamhail an cúlbáire C. Mac Giolla Bhríde agus a chuid cosantóirí óga, A. Pasoma, B. Mac Giolla Bhríde, B. Mac Fhionlaoich, C. Ó Dochartaigh agus B. Mac Nuadhat agus ag coinneáil súil ghéar orthu bhí na cosantóirí eile a bhfuil neart taithí acu D. Ó hAodha, C. Mac Aodha, S. Ó Gallchóir agus G. Mac Giolla Chomhaill. Agus i lár páirce bhí J. L. Mac Giolla Bhríde agus S. Mac Laifeartaigh, fear acu dhá uair chomh sean leis an fhear eile, an taithí agus an óige agus le scíste a thabhairt dóibh bhí dhá fhear eile le neart taithí agus ábaltachta réidh lena n-áit a ghlacadh, sin S. Mac Fhionnlaoich agus S. Mac Giolla Chomhaill.*

*Agus cad é a thig a rá faoi thosaithe a scóráil 7-31 le linn an deireadh seachtaine, fir atá thar a bheith ábalta: C. Ó Gallchóir, A. Mac Laifeartaigh, G. B. Mac Laifeartaigh, L. Ó Conchúir, P. Mac Rodaigh, S. Ó Buaidhe, O. Ó Buaidhe, F. Mac Laifeartaigh. Agus dar ndóigh cha dtig an cuntas a chríochnú gan trácht a dhéanamh do B. Mac Aodha a bhí ansin le comhairle agus treoir a thabhairt don chúlbáire óg Conor agus le scíste a thabhairt dó nuair a bhí sin riachtanach. Thig leis an chumann a bheith bródúil as an dóigh a d'iompar siad iad fhéin don deireadh seachtaine.*

*Cibé uair a imreofar an cluiche ceannais bheadh sé deas iad a fheiceáil ag dul rith an bhealaigh ach sin scéal do lá eile.*

# *Cluain tSaileach*

*(ar leanstan)*

## Muintir John Pheigí (Mac Giolla Bhríde)



**John Pheigí.**

Bhí teach mhuintir John Pheigí taobh le teach Neidí Mhicí (Ó Gallchóir) agus le teach Stephen Jack (Mac Giolla Bhríde) ar an Chloich Bháin. Bhí John Pheigí pósta dhá uair, cha raibh clann ar bith leis an chéad phósadh agus i ndiaidh don chéad bhean bás a fháil b'í Madgie Ní Luodhóg as Dún Dubháin an dara bean a bhí aige. Bhí seisear clainne acu: Donchadh (1871), Madgie (1878), Bríd (1884), Annie (1886), Barney agus Máire. (1872). Tá na blianta a rugadh iad bunaithe ar dhaonáireamh 1901 agus 1911. Cha bhíonn siad i gcónaí cruinn.

Bhí **Máire** pósta ar an Mheall Mhór ar Dhonchadh Den Mac Giolla Bhríde as an Chorrach. Bean mhór láidir os cionn na sé troigh a bhí i Máire agus shiúlfadh sí as na Dúnaibh go dtí an Meall Mór agus mála plúr deich gcloch ar a gualainn léithe. Ghearrfadh sí an aicearra ag Teach Mhicí John, suas cúl an tigh, amach Cnoc a' Staighre, thart leis an loch mór agus trasna go dtí teach s'aici fhéin a bhí trasna ón loch mór. Cha raibh clann ar bith acu.



*Teach Mhic Giolla Bhríde ar an Mheall Mhór*

Phós **Barney** bean as an Raplach a raibh Sorcha Ghráinne Nic Giolla Bhríde uirthi agus bhí triúr clainne acu. D'imigh Barney agus a chlann go hAlbain agus i ndiaidh dóibh tréimhse a chaitheamh ansin thug sé fhéin agus an teaghlach aghaidh ar Mheiriceá. Ba ghnách leis na iníonacha ruaig a thabhairt anall go hÉirinn ó am go chéile. Ba ghnách le bean a raibh Madgie uirthi a theacht anall achan chúpla bliain. Tá siad uilig ar shlí na fírinne anois. Bhí Barney fhéin le ruaig a thabhairt na bhaile bliain amháin ach ba sin an bhliain a fuair sé bás.

Bhí **Annie** pósta in Ailt a'Chaorthainn ar fhear a raibh Peadar Mac Giolla Chearra air. Cha raibh teaghlach ar bith acu.

Cha raibh **Bríd** pósta agus bhí cónaí uirthi ar an Chloich Bháin. Rugadh Bríd oíche Fhéil' Bríde agus fuair sí bás oíche Fhéil' Bríde agus í na ceithre scór.

**Donchadh John Pheigí.**

D'fhan Donchadh John Pheigí ar an Chloich Bháin, sa teach inár rugadh agus inár tógadh é. Char tugadh an t-ainm Donchadh Mór air gan chúis mar go raibh sé ina fhear láidir toirteach. Bhí sé pósta ar Fenny Bheag Nic Giolla Bhríde as Baile na Deora i dtús báire ach fuair Fenny bás óg agus cha raibh clann ar bith acu. Ansin phós sé Bríd Nic Giolla Bhríde (Bríd Phaidí Éamoinn) as Gort na Luchóg agus bhí ceathrar clainne acu, Madgie (1909), Máire (1910) Nead (1911) agus Annie a fuair bás sa bhliain 2012 agus í istigh ina céadú bliain. Rugadh Annie ar an dara lá de Dheireadh Fómhair 1912.

**Ag Iascaireacht.**

Chaith Donchadh tréimhsí ag iascaireacht fosta mar a rinne formhór na bhfear fán cheantar ag an am. De réir an chuntais a bhí sa 'Zulu Fishermen' le Pat Conaghan chuaigh Nead Mac A'tSaoir (Nead Steafáin), Baile na Deora, John 'ac Dochartaigh, Gleann Úraí, Donchadh Mac Giolla Bhríde, (Donchadh Mhícheáil), Cluain tSaileach, Donchadh Mac Giolla Bhríde, (Donchadh John Phéigí) Cluain tSaileach, Micheál Ó Gallchóir (Micí Bán Ghallchóir) Cluain tSaileach agus Donchadh Mac Giolla Bhríde eile, sin Donchadh Shéarlaí a iascaireacht ar an St. Mark i Mí Lúnasa 1898. Fir óga a bhí iontu seo uilig

ag an am idir ocht mbliana is fiche agus dhá bhliain déag agus fiche. Ba Nead Steafáin a bhí mar scipéir ar an bhád agus shaothraigh siad £138-9-6 an duine do na ceithre bliana agus seacht mí a chaith siad ag iascaireacht uirthi. D'aistrigh siad go bád úr ansin, lugger a raibh an 'Defender' mar ainm uirthi, i mí Márta 1903. Lean an St. Mark ag iascaireacht léithe agus criúnna eile uirthi ach scriosadh í fhéin agus sé bhád eile ag céidhe na nDúnaibh agus ag an Trá Bheag le linn stoirme ar an ochtú lá fichid d'Eanáir 1908. Bád úr a bhí sa 'Defender' nuair a chuaigh na fir seo atá luaite thuas a iascaireacht uirthi. Cha dtig a shéanadh ná gur scoith na n-iascairí a bhí iontu mar go raibh íoctha as an bhád seo acu fá cheann ceithre bliana, 1907. Dhíol siad an bád ar ais le Bord na gCeantar Cúng. Chaith an 'Defender' deireadh a cuid laethanta sna Shetlands, áit ar scriosadh í i mí na Nollag 1929.

**Donchadh agus a churach.**

Bhí curach ag Donchadh John Pheigí fosta agus ba ghnách leis a dhul anonn ar an oitir, sin ar thaobh Fhánada den Mhaol Ruaidh agus feamnach a ghearradh. Bhíodh curach eile leis ar téad agus nuair a bheadh malach feamnaigh gearrtha aige chuirfeadh sé é isteach i gceann de na curacha. Bheadh sé fhéin ag iomramh i gcurach amháin agus an curach a raibh an malach feamnaigh inti a tharraingt aige ar téad. Lá amháin thiontaigh an curach air, shuigh sé ar bharr na curaí agus thug sé í isteach agus an churach feamnaigh ar téad leis. Ba mhór an snámhtóir a bhí ann fosta agus ba mhinic a shnámhfadh se anonn go taobh Fhánada agus ar ais.

Ba ghnách leis na curaí a bheith istigh ar an fhéar acu ag Leac na gCuraí, thíos faoin Reilig. Chuaigh sé síos oíche gaoithe móire amháin leis an churach a tharraingt isteach níos faide ar an fhéar. Nuair a chrom sé síos le greim a fháil ar an churach labhair glór inteacht leis amach as faoin churach. D'imigh Donchadh 'na bhaile agus char bhuair sé leis an churach. Cibé a bhí faoin churach!

**Nead Dhonchaidh John Pheigí. (1911)**

Ba Nead an t-aon mhac a bhí ag Donchadh John Pheigí agus d'imigh sé go hAlbain luath go leor ina shaol. D'imigh sé isteach in airm na Breataine agus amach 'na chogaidh. Cha raibh scéala ar bith uaidh ná iomrá ar bith air ar feadh tamall fada. Tháinig scéala 'na Cloiche Báine ansin go raibh Nead marbh, tháinig garda 'un tigh lá amháin le hinsint dá mhuintir gur maraíodh é sa chogadh. Ach rinneadh fiosrúchán agus fuarthas amach go raibh sé san Iodáil. Tháinig sé 'na bhaile tamall ina dhiaidh sin ach char fhan sé mórán le coicís fán bhaile; d'imigh sé ar ais go hAlbain agus cha dtáinig sé 'na bhaile ní ba mhó. Pósadh thall é agus bhí triúr mac aige, Dinis, Jimí agus Nead. Fuair Nead é fhéin bás in Albain os cionn deich mbliana is fiche ó shin agus gan é ach ina chuid seascaidí agus is in Albain atá sé curtha.

**Madgie John Pheigí. (1909)**

Chuaigh Madgie go hAlbain fosta agus ba ansin a chaith sí a saol. Thug sí cúpla ruaig 'na bhaile ina ham. Cha raibh sí pósta. Fuair sí bás thall le heitinn.

**Máire (1910).**

Shiúl Máire, agus í ina girseach óg trí bliana déag, as an Chloich Bháin go Teach Pobail Charraig Airt le dhul faoi lámh an Easpaig. Shiúil sí 'na bhaile ar ais agus é ag stealladh fearthainne go trom; bhí sí ar maos fliuch. Bualadh tinn í le heitinn agus char mhair sí ach na trí seachtaine 'na dhiaidh sin. Nach mór an briseadh croí a bhí anseo do theaghlach ar bith agus dar ndóigh, go háirithe do thuismitheoirí a raibh orthu iníon óg trí bliana déag a thabhairt 'na reilige.

**Annie John Pheigí.**



D'fhan Annie sa teach ar an Chloich Bháin. Cúig bliana is fiche a bhí sí nuair a pósadh í sa bhliain 1937 ar Neidí Mac Lochlainn (Neidí Jimí Brown) as Gort na Luchóg. Cúigear clainne a bhí acu, Bidí, Donchadh, Jimí, Máire agus Neidí. Fuair Neidí bás sa bhliain 1987 agus é ceithre bliana déag agus trí scór. Thug Annie saol fada folláin léithe agus



*Neidí Mac Lochlainn (Neidí Jimí Brown)*

bhí sí beo beathach ina teach i Leargán Riabhach i gcuideachta a mac Neidí go dtí go raibh sí na cúpla mí ón chéad, fuair sí bás 2012. Bhí sí gealgháireach lách agus í lán seanchais.


**An chlann.**

Phós Bidí Johnny 'ac Rodaigh as Gort na Bráid sa bhliain 1960 agus bhí deichniúr clainne acu, cúigear girseach agus cúigear gasúr. Fuair Johnny bás ina fhear óg sa bhliain 1989 agus é na ceithre bliana agus trí scór. Ar an drochuair fuair Bidí bás go tobann fosta, deich mbliana 'na dhiaidh sin, agus í ina bean óg, cha raibh sí ach ocht mbliana is leathchéad. Pósadh Donchadh ar Mháire Nic Giolla Bhríde as Creamhghort agus bhí ochtar clainne acu, ceathrar girseach agus ceathrar gasúr. Bhí Jimí ina gharda i nGaillimh áit ar pósadh é agus tá naonúr clainne aigesean, ceathrar gasúr agus cúigear girseach. Pósadh Máire ar James Ó hOireachtaigh as Dún Fionnchaidh áit a bhfuil cónaí orthu agus tá gasúr agus girseach acu.



*Johnny Mac Rodaigh, An tAthair Ó Gallachóir agus Bidí*

Tá an seanteach ar an Chloich Bháin inár tógadh na glúnta de mhuintir John Pheigí druidte le fada. Tá cuid mhaith de na glúnta seo ar shlí na fírinne ach tá a sliocht breá líonmhar ar fud an cheantair go fóill.




*Scoil Mhíobhaigh thart fá 1955*

# Bocsa na Smaointe

Nach deas na rudaí a dtagann duine trasna orthu nuair a thosaíonn siad ag rúscadh i mbocsaí a cuireadh ar shiúl le sábháil d'am éigin amach romhainn. Bhí mé féin ag rúscadh le gairid i mbocsa mo smaointe, caithim go leor ama sa bhocsa sin le tamall, seanaois is dócha, agus tháinig mé trasna ar lá amháin samhraidh nuair a bhí mé óg agus bhí mo mháthair ag blí na mbó sa bhóitheach. Bhí dhá bhó againn i gcónaí agus choinnigh siad muid le bainne agus im i rith na bliana. Nuair a rachadh na ba tirim, roimh ghamhain a bheith acu, bhí braon le spáráil ag Cití Dhonnchaidh Mhicheáil agus ag Dinis Phaidí Mhóir le muid a choinneáil ag dul. Cha raibh páistí ar bith eile ar an bhaile ag an am agus rinne na comharsana cinnte go raibh go leor againn i gcónaí.

Bhí mo mháthair ina suí ar an stól tríchosach sa bhóitheach le ruball an bhó ceangailte thart ar a láirc sa dóigh nach mbuailfeadh an bhó í sa t-soc leis agus bhí mise i mo sheasamh ar an taobh amuigh den bhóitheach agus comhrá breá ag dul ar aghaidh eadrainn, mar a shíl mé. Bhí duine eile den chlann ag spaisteoireacht thart ar shean bhicycle. Ba ghnáth le mo mháthair é a úsáid le siopadóireacht a dhéanamh i gCarraig Airt corruair, cé go raibh dhá shiopa ar an bhaile, tigh Mhaggie Boyce agus siopa Tony Bhrinie Thuathail. Bhí stór na Nollag a fháil ann dúinn fosta agus cha raibh barraíocht sa stór sin má bhí sí ábalta an t-iomlán a iompar do cheathrar againn 'na bhaile ar bhicycle, má chuireann tú é i gcomparáid le stór Nollag an lae inniu. Cha raibh



*Malaidh Chluain tSaileach*

barraíocht dúil ag mo mháthair dul go Carraig Airt ach leis an turas a dhéanamh gairid di féin, d'inis sí dom gur ghnách léi na pollaí a chuntas ag dul suas an Tráigh di agus ar a bealach ar ais. Cha raibh am ró-bhog ag na mná san am. Ar á feiceáil ag teacht isteach malaidh Chluain tSaileach, thosódh muid ag rith agus chasfadh muid léi thart ar Bhearnaí an Chairr leis na loisinséirí a fháil uaithi.

Bhí mé ag tabhairt isteach an radharc álainn a bhí amach romham agus is fíor álainn atá sí ón teach i gCluain tSaileach. Bhí an Mhaol Ruaidhe ár scaradh ó Fhánaid, áit a bhfuil sean bhallóga



an tí inár rugadh mé. An t-aon rud atá i mbocsa an chuimhne fán teach sin ná go raibh sliogáin mhuiríní scaipthe thart fan doras i m'óige. Is dócha gurbh sin iarsma den bhia folláin a bhí ar fáil ag achan duine a bhí ina gcónaí cois na trá ag an am. Bhí Ramhras suas romham, áit ar ghnách leis na bádaí gual a thabhairt suas fhad leis agus bhí tuilleadh bádaí a chuaigh suas an caolas sin fhad le Baile na nGallóglach le cruithneacht agus ar a mbealach ar ais bheadh prátaí pór na háite leo ó Ramhras agus Leithead. Ar thaobh na láimhe clé den bhá sin tá Bolg Feidhm agus tá cuimhne ag Dinis Dhonnchaidh Mhicheáil ar Bhrinie Brown agus ar Phroinsie Rua, athair Willie James Cullen, a bheith ag iascaireacht gliomach thuas ann. Tá bocsa an chuimhne ag obair go maith ag Denis.

Agus díreach amach romham bhí Meiriceá.
Ar dhúirt mé 'Meiriceá'? Dúirt mé.
"Meiriceá?" arsa mo mháthair.
Thobair nár thit sí den stól.

"Sea Meiriceá", arsa mé féin agus racht bróid orm.

"Sin an tír a bhfaigheann muid parcels uaidh uair nó dhó sa bhliain, parcels a bheireann cultacha deasa duitse, cad chuige nach gcaitheann tú na cultacha deasa sin, a Mhám? Agus parcels a bheireann comics Mheiriceá chugainn, nach bhfuil Aintí Fenny creathnach maith dúinn?" "Chan sin Meiriceá ar chor ar bith" arsa mo mháthair liom, "Sin Carraig Airt." Thobair nár thit mise as mo sheasamh.

Bhail, tá cónaí orm anois i Meir.., och, gabh mo leithscéal, i gCarraig Airt agus tá an t-ádh orm mar go bhfuil radharc iontach agam mar a bhí i gCluain tSaileach.

Chuir Myles na gCopaleen ina leabhar An Béal Bocht an lá údaí sin i gcuimhne dom, chóir a bheith leathchéad bliain ó shin. Óna theach chonaic sé "na Rosann, Gaoth Dobhair, Cnoc Fola, Oileán Thoraigh, Contae na Gaillimhe, Conamara, Árainn Mhór, Cill Rónáin, an Bhlascaod Mhór, an Daingean". Bhail, bhí mise ábalta rud beag níos faide ná sin a fheiceáil. Ach mar a dúirt sé 'tig an chiall agus an tuiscint go réidh formhothaithe in intinn an uile chréatúir' agus sílim, corruair, go bhfuil mé ag feitheamh ar an lá sin go fóill.

*Fia Ann*

* * * *

## Siopa Mhící Mhaire – nó Chití Ruairí.



Ag léamh an scéil "Siopa Mhící Mháire" san eagrán deireanach de Ghuth Ghoill, tháinig m'óige ar ais chugam, ag cur cumhaidh agus sonas orm ag an am céadna. Chuir an pictiúr de Chití Ruairí, Mairín a' Mháistir agus Mánas a' Phost trí rud i m'aigne; an t-am a tháinig an babaí úr (Mairín), bhíodh cead ag mo dheirfiúr í a iompar thart ach cha ligfí domhsa, cha raibh iontaoibh acu ionam.

Chuir pictiúr Mhánais deireadh an chogaidh i mo cheann. Tá cuimhne agam air ag scairteadh le fear i gcuibhreann Ailt an Lín "Tá an cogadh thart". Cé nach raibh mé ach na cúig bliana bhí fhios agam gur rud maith a bhí ann, mar chuir sé lúcháir ar achan duine.

An tríú rud a chuir pictiúr Chití ina suí ar an chathaoir úd i m'intinn ná an lá a bhí Taylor Carson a péinteáil. Bhí ciúnas fán áit, mar nár ghnáth, agus nuair a tharraing muidne i ngar dóibh, gabháil na tsiopa dúinn, baineadh geit asainn. Ó chanbhás a bhí ar 'easel' bhí aghaidh Chití ag amharc amach orainn. Dúirt an péintéir linn go raibh cead againn fanacht ag féachaint fhad is a bheadh muid ciúin. Bhí muid ciúin agus d'fhan muid ann ar feadh tamall fada ag stánadh ar an ní a bhí a chruthú os ár gcomhair. Deis iontach! Cá bhfuil an pictiúr sin anois?

Bhí siopa Chití Ruairí nó siopa Mhicí Mháire mar lár ionad an-tábhachtach san Íochtar. Bhí a raibh a dhíth ort le fáil ann, agus níl cuimhne agam a bheith ann ariamh nár tharla rud éigin suimiúil.

Cuimhnithe sonasacha uilig atá agam fán siopa. An chuimhne is faide siar, a chuireann aoibhneas ar mo chroí go fóill, ná an lá a thug Cití bocsa dom fá choinne mo chuid fuála, nuair a chuaigh mé isteach i rang a dó. Bocsa a raibh mó chroí dírithe air le fada. Chuaigh sí suas ar dhréimire beag agus thug sí anuas agam é. Bocsa bán, le ciorcail bheaga de dhathanna éagsúla fríd, dearg, glas, gorm, buí agus corcra. An rud ba dheise a bhí sa tsiopa, agus thug Cití ar shiúl é. Thug sí é domsa. Níl barúil agam caidé an deireadh a bhí ar an bhocsa, ach mhair gliondar na hócáide i mo chroí ó shin.

Ba ghnáth liom ar mo bhealach ón scoil, a ghabháil isteach chuig na comharsana ag rá go mbeinn ag dul 'na tsiopa gan mhoill, dá mbeadh

a dhath a dhíth orthu. Ansin d'inseoinn sa bhaile go raibh agam le 'ghabháil' na tsiopa do na comharsana agus bheinn ar shiúil. Bhí seo i bhfad níos suimiúla na an "obair-baile".

Bhí trí chineál tae sa tsiopa. Trí bhocsa (tea chests) agus gan an blas céadna ar aon cheann acu. Bhíodh Sarah ag iarraidh *Liptons* agus Fanny ag iarraidh *Barry's*. Dhéanfadh Cití ceathrú punt a mheá amach go cúramach. "Sin cuid Fanny" a deireadh sí, "ná measc suas é le cuid Sarah" agus í ag crónán, "Mm-mm-mm, tá muintir an Aird Bháin iontach pairticleártha."

Ar mo bhealach abhaile chasfaí cairde orm. D'fhágfainn an mála siopa lán ag an chlaí ar thaobh an bhealaigh mhóir. D'imeodh muid suas "Croich an Toir" ag amharc an raibh coiníní ar bith sna gaistí. Sin déanta, rachainn chuig Fanny. Cha ligfinn orm nach raibh barúil agam cé acu tae a cuidsean. Thabharfainn mála go cúramach di, ag rá "anois sin do chuidse. Dhéanfainn mar a gcéadna le Sarah. Bhí iontas i gcónaí orm nár bhagair ceachtar acu orm fán tae contráilte a thabhairt dófa, ach cha raibh barúil acusan ach oiread.

Bhí céimeanna ag gabháil suas go dtí doras an tsiopa, urlár adhmaid taobh istigh a bheadh ag luascadh faoi do chosa. Bhí cúntóir ard ann, agus boladh plúir, mine bhuí, snaoisín, tobac agus milseán. Níl fhios agam cén aois a bhí Cití, ach samhlaíodh domsa go raibh sí 'sean'. Ghléas sí go néata in éadaí fada dubha. Bhíodh sí i gcónaí ag aithris rann beag. Nuair a bhíodh sí ag láimhseáil airgid déarfadh sí "Money, money, what about it. But we cannot do without it" nó "Money makes the mare go".

Bhí Cití ina cónaí le nia agus neacht sa teach galánta, dhá stóir, os comhair an tsiopa. Sagairt a bhí sa nia, an tAthair Séan Ó Siadhail, bhí sé ina chóidiútar ag an Easpag agus ina chigire Teagasc Críostaí do Dheoise Rath Bhoth. Bhí neacht Chití, sí sin Julia ag amharc i ndiaidh an tí. Bhí beirt mhac aici – múinteoirí, Jack i nDoire a' Chasáin, agus Hugo i Rath Mhaoláin.

Bheadh an Sagart nó Julia ag freastal sa siopa corruair. Bhí suim mhór ag an Sagart sa tsiopa, é i gcónaí ag iarraidh ar dhaoine tuilleadh a cheannacht. Fear maith gnó a bhí ann. Is é a déarfainn, a smaointigh ar siopa úr a thógáil sa 'shed' a bhí ar thaobh an tí mhóir. Nuair a bhí an siopa úr réidh, thosaigh siad Satharn amháin ag bogadh achan rud ón tseansiopa go dtí an siopa úr. Cé nach raibh réamheolas ar bith againn ar seo, bhí mé sa tsiopa breá luath ar an lá, agus ligeadh dom rudaí beaga a iompar, agus bhí lá iontach agam anonn 's anall ó shiopa go siopa.

Bhí buzz creathnach ann agus bhí Cití anonn 's anall ag aithris rann beag faoina h-anáil. Mm-mm-mm "Saturday flit is a short sit", "ach níl amhail ar bith ag na Sagairt ar sin," a déarfadh sí.



Bhí an siopa úr galánta, seilfeanna taobh amuigh den chúntóir chomh maith le taobh istigh. Bhí lampaí Tilly, tóirsí, gréithe, cannaí, buicéidí, rudaí nach raibh ariamh sa tseansiopa. Fiontraíocht mhór a bhí ann agus thóg sé croíthe na ndaoine in am a raibh, mar atá anois, droch dhóigh ar an tír.

Bhí an siopa úr foscailte, Cití go sásta, cha raibh aice anois lena cosa a fháil fliuch ag dul trasna na sráide. Bhí doras ag foscailt ón chistin go dtí an siopa álainn úr.

Char mhair sonas Chití i bhfad, faraor. Gan mhoill ina dhiaidh sin, thit sí agus bhris sí a scorróg agus chuir sin deireadh lena ceird mar bhean siopa. Bhí mé fhéin ag smaointiú agus mé i mo thachrán nach "short sit" a fuair sí ach "long sit". Sílim nár shiúil sí ariamh ina dhiaidh sin. Chuir mé aithne níos fearr ar Chití fhad is bhí sí sa leaba thuas an staighre. Chuirfeadh Julia mé suas le tae agus rudaí eile chuici nuair a rachainn 'na tsiopa. Bhí suim mhór agam bheith ag éisteacht léi ag trácht ar an tsean am. D'inis sí dom go raibh cnapáin ar a méara ó bheith ag imirt cluiche le clocha beaga (níl cuimhne agam

ar ainm an chluiche) nuair a bhí sí beag.

D’éirigh go maith leis an tsiopa agus thosaigh an sagart ag tabhairt isteach rudaí úra m.sh. gréithe, cupaí, plátaí agus potaí tae. Bheadh sé ag brú na rudaí seo uilig ar mhuintir na h-áite. Tháinig cara dó isteach lá amháin, Muiris Shiosaile, “A Mhuiris” arsa an sagart, “bhféidir gur mhaith leat cúpla pláta a cheannacht. “A mallacht Dé” arsa Muiris. “Tá níos mó plátaí againn na tá dhath againn le cur orthu.” Bhí custaiméirí eile sa tsiopa, nár chuala aon duine ag mallachtaí os comhair sagairt ariamh, ach sin an fáth gur thosaigh an sagart an craic agus bhain sé sult mór as.

Scéim eile a thosaigh sé, chuir sé ionadh ar chuid agus áthas ar chuid eile, siad sin na mná. Thosaigh an siopa ag díol éadaí ban, gúnaí galánta samhraidh, agus chan sin amháin. Tugadh isteach déantóir gúna as Rath Mhaoláin, Rose Doherty, agus d’fheadfá an t-éadach síoda, línéadach agus cadás a chéannacht sa tsiopa agus do ghúna a fháil déanta sa stiúideo breá sin a rinne Sagart Mhicí Mháire as an tseansiopa, thíos in Ard na dTrioplóg i nDoire a Chasáin Mór.

Bhí múinteoir againn i nDoire a’ Chasáin, Bella John Enda as Dumhaigh. Bhí sí an-dóighiúil, an-chineálta, an-mhúinte, agus bhí sí an-deas in achan dóigh, agus bhí sí an-bheag. Bhí dúil mhór againn uilig inti. Bhí sí ag gabháil ag damhsa mór agus fuair sí éadach deas glas agus bhí Rose, an gúnadóir, ag déanamh an ghúna. Achan lá rachadh Bella isteach ar a bealach ón scoil agus nuair a thiocfadh sí amach, bheadh muidne ar shiúl isteach go bhfeicfeadh muid an gúna. Bhí lear mór éadaigh i sciorta an ghúna. Bhí ceann ag na Oscars cosúil leis i mbliana, ach ní raibh an model comh deas le Bella áfach. Lá amháin bhí an Sagart ann fá choinne an “fashion show”. “A pháistí” a dúirt sé “an sílfeá ariamh go nglacfadh sé oiread éadaigh le gúna a dhéanamh, do ghirseach chomh beag.

Ní duine é an sagart ó Siadhail a chuirfeadh am nó áit amú. Oíche Dhomhnaigh nuair nach mbeadh an stiúideo in úsáid, thosódh sé ar imirt cártaí, cúig fichead. Caitheamh aimsire iontach agus imreoir den scoith é fhéin. Chuirfeadh sé nithe suas mar dhuais achan oíche - clog, péire bróga, mála plúir, toitíní, pláta, cairt asail. Tá clog agam a bhain m’uncail, Micí Hudaí, ag na cártaí sin.

Rud ait, níor chuala mé ariamh ach an tSiadhalach a thabhairt ar an Sagart, nuair a bheadh siad ag tagairt d’imirt na gcártaí, Chloisfeá iad ag rá “bhí na méara ag an tSiadhalach, nó chaith an tSiadhalach síos an t-aon a hart. B'fhéidir gur shíl siad nach raibh sé deas a bheith ag caint ar shagart ag imirt cártaí.

Ba gnáth liom obair do Julia sa teach le linn laetha saoire an tsamhraidh, nuair a bhí sí ag coinneáil scoláirí a bhí ag freastal ar choláiste Gaeilge Ros Goill. Chan obair a thabharfá air, mar bhí an teach chomh glan le pionna úr agus bhí gach sórt mod-con aici. Dhéanfadh Julia an cócaireacht, nífinnse na soithigh agus dhéanfainn freastal ar thábla na scoláirí, agus chóireoinn na leapacha agus corr rud eile. Thaispeáin sí dom an dóigh le pancogaí a dhéanamh. Déanaim go fóill iad, agus smaoitím uirthi le gean. Rud eile b’fhéidir nach bhfuil fhios ag daoine ná gur cheoltóir an-mhaith a bhí in Julia. D’fhoghlaim sí amhrán Gaeilge domh maidin amháin agus mé ag glanadh na spúnóg airgid - “Bím ag smaointiú ar na sméara …….”. Ba ghnách léithe é a cheol ag ceolchoirmeacha sna Dúnaibh. An bhfuil a fhios ag aon duine é?

Bhí gach rud ag gabháil go breá go dtí an lá a rinne an tEaspag Sagart Paróiste den tSiadhalach. Cuireadh go Gort a’ Choirce é. Bhí Cití marbh le cúpla bliain (cha dearn mé tagairt de bhás Cití mar ní raibh mé sa bhaile ag an am.) Chuaigh Julia go Gort a’ Choirce mar bhean tí ag an sagart. Druideadh an siopa. Fuair Gort a Choirce Sagart den scoith, fuair an Sagart bean tí den scoith, ach chaill muidne lárionad iontach, agus an áis ab fhearr a bhí againn.

Ní raibh mé sa teach nó sa tsiopa ariamh ó shin. Thar leath chéad blain atá sé ach shílfeá gur inné a d’fhág mé síos mo mhála siopa, agus d’imigh mé fríd na cuibhrinn ag cuartú neadracha éin. Nuair a tháinig mé ar ais bhí taobh istigh den “loaf” a bhí sa mhála, ite uilig ag cuid cearca Pheigí Dhomhnaill!

*Finola Harte*

# Emmett Goulding



Rugadh Emmett Goulding i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1936. Is as Baile Átha Cliath a thuismitheoirí fosta, agus bhí comhlacht tógála ag a athair, Charlie Goulding, san áit chónaithe i bhFionn Radharc. Ba phéintéir a bhí ina athair agus a dheartháireacha, agus lean Emmett, an gasúr is óige, an cheird seo nuair a d'fhág sé an scoil.

Bhí an chlann sáite i dtraidisiún agus oidhreacht an Phoblactánachas. Ghlac Charlie páirt in Éirí Amach na Cásca i 1916, agus bhí máthair Emmett ina ball de Chumann na mBan. Cuireadh béim i gcónaí sa teaghlach ar chearta daonna agus ar cheartas sóisialta. Bhí Emmett dílis don dúchas sin i rith a shaoil, ó thaobh a luachanna agus a dhearcadh pearsanta. Chomh maith le sin, bhí meas mór aige i gcónaí ar an teanga agus ar an chultúr Ghaelach. Sheinn sé na píoba fosta, agus bhí sé ina bhall den bhanna cáiliúil, an Laurence O'Toole Pipe Band.



*Emmett ina óige*

Go luath ina shaol thosaigh sé ag siúl leis An Óige, agus as sin thosaigh sé ag dreapóireacht ar na beanntracha i nGleann Dá Locha, i gContae Chill Mhantáin. 'Sé an scéal a bhí ag a chairde ná go raibh Emmett mall maidin amháin don bhus a bhí socraithe ag An Óige. Léim sé ar bhus eile agus casadh fear óg air a bhí ag dul ag dreapadóireacht, agus sin a mhuscail a shuim sa dreapadóireacht.

An bhliain chéanna (1959), chuaigh sé anonn go dtí na hAilp san Ostair, áit a chas sé le Hans Lobenhoffer agus Ludwig Chicken, beirt dhreapadóir cháiliúla ón Ghearmáin. Dúirt m'athair gur thug an bheirt Ghearmánach seo dearcadh úr dó ar an dreapadóireacht, agus gur spreag siad an suim a bhí aige sa dreapadóireacht Alpach go dtí deireadh a shaoil. Ní dhearna Emmett dearmad riamh ar an chuidiú agus an tacaíocht a thug siad dó nuair a bhí sé ina dhreapadóir óg, agus rinne sé a dhícheall i gcónaí i rith a shaoil cuidiú a thabhairt do dhreapadóirí óga mar aitheantas ar sin.

Bhí Lobenhoffer agus Lutz Chicken i ngéibheann san Índ i rith an Dara Cogadh Domhanda le Heinrich Harrer, údar an leabhair *Seven Years in Tibet*, a bhí ina scannán cáiliúil roinnt bliantaí ó shin. Ach ní raibh mórán measa ag an bheirt ar Harrer de réir cuimhne m'athair.

Sa bhliain 1961 chuaigh Emmett go dtí Ailp na Fraince, agus bhain sé féin agus Tony Ingram barr eadán thiar an Dru amach, an dreapadh ba cháiliúla a rinne Éireannach ar bith go dtí sin. D'fhill sé go minic ar cheantar Chamonix agus Mont Blanc sna bliantaí ina dhiadh sin, agus d'éirigh leis cuid mhór buaic cháiliúla eile a bhaint amach agus is cosúil gurbh é an dreapadóir Éireannach ab fhearr agus ab aitheanta i rith na tréimhse seo.

Ghlac Emmett páirt i roinnt mór-thuras dreapadóireachta chomh maith. Chuaigh sé go dtí na Himalayas i 1964 agus arís i 1977, agus go dtí na hAindéas i bPeiriú i 1968 agus i 1980. Thiomáin sé fhéin agus a chairde an bealach uilig as Baile Átha Cliath go dtí na Himalayas i 1964.



Emmett sna Himalaya

Phós sé Nóirín i mBaile Átha Cliath i 1973 agus bhí siad ina gcónaí i Sord Cholmcille, áit a raibh beirt chlainne acu, mé féin agus Aifric. Thosaigh sé ag cur suim mhór san iománaíocht thart fan am seo, agus chuidigh sé le treanáil foirne iománaíochta agus camógaíochta Naomh Colmcille. Thosaigh sé ag freastal ar chluichí iománaíochta chomh maith, agus bhí lúchair mhór air ar an lá a bhain Áth Cliath Craobh Iománaíochta Laighean i Mí Iúil 2013 i ndiaidh bearna 52 bliain.

D'éirigh Emmett as an obair thógála sa bhliain 1999, agus shocraigh sé féin agus Nóirín bogadh go Baile na Deora. Thóg sé teach úr, agus is léir ó chaighdeán na hoibre sa teach agus sna gáirdíní an bród mór a bhí air as an obair seo. Molann a shaothar é.

Bhí dúil mhór aige i gcónaí sa dúlra, ach anois bhí níos mó ama aige le aghaidh a thabhairt ar an tsuim sin. Bhí saol folláin aige. Bhain sé sult as bheith amuigh ag siúl, ag cur phrátaí, ag




Sa ghairdín

tabhairt aire do na bláthannaí agus ag siúl ar na tránna agus na cnoic, rudaí simplí don chuid is mó. Ní dhearna sé masla do rud ar bith riamh.

Bhí meas agus tuiscint mion aige ar a thimpeallacht agus bhí seo le tabhairt faoi deara ina chuid griangrafadóireachta. Bhí a cheamara leis i gcónaí, agus is iomaí pictiúr dubh agus bán a ghlac sé i rith a shaoil.

Fear uasal, ionraic a bhí in Emmett. Duine lách, séimh, cineálta a bhí ann. Fear a raibh meas aige air féin agus ar dhaoine eile. In ainneoin go raibh sé ina cheannródaí dreapadóireachta don tír, is fear umhal a bhí ann. Ach mar sin féin bhí sé diongbháilte san dearcadh a bhí aige ar an saol. Chreid sé i gcónaí go gcaithfidh tú an rud ceart a dhéanamh, agus ní an rud is fusa nó an rud coitianta. Ní raibh am ar bith aige don fhimíneacht nó don chur i gcéill.



Emmett ag dreapadóireacht ar Oileán Ghabhla

Bhí Emmett cleachtaithe leis an chontúirt ón am a chaith sé ag dreapadh sna hAilp. Agus thuig sé go raibh sé de dhualgas ar dhuine a fhreagrachtaí a chomhlíonadh ina shaol. Níor sheachain sé an chontúirt, agus, cé gur

thuig sé go raibh an saol searbh agus fiú garbh in amanna, rinne sé i gcónaí iarracht a luachanna féin a chruthú agus a chothú ina chlann, ina chairde, agus ina chomrádaithe dreapadóirechta.

Nuair a bhí Emmett tinn, chuidigh daoine muintearacha, cairde, comharsana, banaltraí agus dochtúirí fosta, agus chuaigh Emmett i bhfeidhm go mór orthu uilig. Ba léir dóibh an cinéal duine a bhí ann. Míle buíochas d'achan duine a thug tacaíocht don chlann ag an am seo.

Nuair a thug sé aghaidh ar a aistear deireannach, d'inis Emmett dúinn go raibh sé ag imeacht ar thuras agus go gcaithfeadh sé an turas deireanach seo a dhéanamh ina aonar. D'imigh sé leis an misneach, uchtach agus an uaisleacht chéanna lenár thug sé aghaidh ar achan rud eile ina shaol.



D'fhág Emmett a rian agus a lorg ar ár saol uilig, agus beidh sé inár gcuimnhe i gcónaí.

Bhí glaine ina chroí, neart ina ghéag agus rinne sé a bheart de réir a bhriathar.

Go raibh suaimhneas sioraí ag a anam uasal.

*Cormac Goulding*

---

# Imeachtaí na bPáistí - Campa Samhraidh Iúil











Bronnadh duaiseanna ar an chúigear páiste thuas a rinne an iarracht is mó Gaeilge a labhairt i rith na seachtaine.

# Imeachtaí na bPáistí

Cuireadh ceithre dhráma le paistí bunscoile ar an ardán ag Seó Mór i gColáiste Ros Goill i mbliana agus cuireadh na drámaí seo uilig ar an ardán in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn ag an Fhéile Scoildrámaíochta. Chuir páistí as Rang 3 & 4 an dráma úrscríofa "Shrek" i láthair ag an Fhéile Náisiúnta Scoildrámaíochta i Muileann gCearr chomh maith. Ba é Proinsias ó Cuilinn a scríobh agus a léirigh na drámaí seo uilig. Moladh mór do na páistí agus do na tuismitheoirí uilig a chuidigh ag na cleachtaí agus ag na léirithe éagsúla.



*Na Naíonáin sa dráma "An Clóicín Dearg"*

Tá na himeachtaí i ndiaidh am scoile agus na



*Rang 3 & 4 sa Dráma "Shrek"*



*Rang 1 & 2 sa dráma "Jack & an Fathach"*



*Rang 5 & 6 sa Dráma "An Culaith"*



*Rang Ceoil lena múinteoir, Máire Ghráinne Ní Chuilinn*

ranganna ceoil críochnaithe anois go dtí mí Mheán Fómhair. Bronnadh teastais ar na páistí uilig agus bronnadh coirn ar thriúr gasúr agus ar thriúr girseach, Liam Mac Giolla Bhríde agus Aobha Ní Ghallchóir a bhí ainmnithe mar rannpháirtithe na bliana, Rónán Pasoma agus Lucy Ní Chonchúir a bhí ainmnithe mar rannpháirtithe ar tháinig an feabhas ba mhó orthu i rith na bliana agus beirt a bhí ainmnithe mar Ghaeilgeoirí Óga na bliana, Áine Ní Chonaill as Rang 1 & 2 agus Eoin Bamforth as na Naíonáin. Comhghairdeas libh a pháistí.



*Liam Mac Giolla Bhríde*



*Aobha Ní Ghallchóir*




*Rónán Pasoma*



*Lucy Ní Chonchúir*



*Áine Ní Chonaill*

*Thíos tá daltaí as Rang 5 & 6 a scríobh agus a chuir i láthair dhá dhráma ghairide ag ócáid sa Síbín Ceoil*





*Eoin Bamforth*





# An Dráma "Cuairt an Uachtaráin" in Amharclann an Ghrianáin








# Grúpaí in Amharclann an Ghrianáin i ndiaidh an dráma














AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com